# Coimisinéir Teanga Nua i dTuaisceart Éireann

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad is ainm don Choimisinéir?
2. Cén dualgas atá air?
3. Cé a cheadófaí obair an Choimisinéara?
4. Cén jab a bhí ag Pól Deeds roimhe seo?
5. Cén difríocht a dhéanfaidh an Coimisinéir do shaol laethúil múinteoirí, dar le Seán?
6. Cén trí rud atá á lorg ag mic léinn in Ollscoil na Ríona? 7. Céard ba mhaith le Brenda?
8. Cén comhaontú atá luaite ag deireadh na míre?

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat tabhairt faoi na tascanna seo?**

**Críochnaigh na habairtí seo leis na focail chuí**


· Is é Pól Deeds an chéad choimisinéir teanga i dTuaisceart Éire/Éirinn/Éireann.

· Is ceapúchan an-stairiúil í seo/iad seo/é seo.

· Ba Leas-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge é Pól ar feadh na mbliain/na bliana/na mblianta.

· Is é an ról a bheidh aige ná comhairle a chur ar bhreis agus 100 eagraíocht stáit ó thuaidh faoi na dualgais atá orthu an Ghaeilge a húsáid/a n-úsáid/a úsáid.

· Is dul chun cinn é seo don teanga dar le roinnt eagraíochtaí Gaeilge, Conradh na Gaeilge ina mheasc/ina measc/ ina measca.



**Samhlaigh gur iriseoir thú. Cum 10 gceist gur mhaith leat a chur ar Phól Deeds faoina chuid oibre, an fhís atá aige don Ghaeilge ó thuaidh agus faoi na haidhmeanna atá aige.**

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |



Freagraí

1. Pól Deeds
2. Caighdeán dea-chleachtais a ulllmhú agus reachtáil le haghaidh os cionn 100 údarás poiblí
3. Oifig an Fheidhmeannais
4. Leasphríomhfheidhmeannach ar Fhoras na Gaeilge agus roimhe sin i gceannas ar an eagraíocht 'An Droichead'
5. Brú a chur ar an Roinn Oideachais Gaeilge a úsáid
6. Comharthaí dhátheangacha, polasaí Gaeilge agus aitheantas oifigiúil don Ghaeilge san Ollscoil.
7. Go leanfaidh an Coimisinéir ar aghaidh leis an obair atá ar bun ag an Dream Dearg an Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí sa Tuaisceart.
8. Comhaontú Chaoimhín

- Is é Pól Deeds an chéad choimisinéir teanga i dTuaisceart Éireann.
- Is ceapúchan an-stairiúil é seo.
- Ba Leas-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge é Pól ar feadh na mblianta.
- Is é an ról a bheidh aige ná comhairle a chur ar bhreis agus 100 eagraíocht stáit ó thuaidh faoi na dualgais atá orthu an Ghaeilge a úsáid.
- Is dul chun cinn é seo don teanga dar le roinnt eagraíochtaí Gaeilge, Conradh na Gaeilge ina measc.